
An Coimisiún Eorpach

# **Joseph Bech:** ról ríthábhachtach ag tír bheag i lánpháirtiú na hEorpa



*Joseph Bech 1887- 1975*

*Polaiteoir as Lucsamburg ba ea Joseph Bech a chabhraigh le bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach go luath sna 1950daí agus bhí sé ar cheann de na daoine ceannródaíocha a chuir tús le lánpháirtiú na hEorpa níos deireanaí sna 50daí.*

*Ba chómheamram a bhí ann idir thíortha Benelux, rud a spreag Comhdháil Messina i Meitheamh 1955, agus a d'oscail an bealach i dtreo Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.*

*Bhí taithí ag Bech ar an saol i Lucsamburg le linn dhá Chogadh Dhomhanda, agus thuig sé an easpa cumhachta a bhí ag stát beag mar Lucsamburg atá suite idir dhá stát chomharsanacha chumhachtacha. Siocair sin, thuig sé an tábhacht a bhain le hidirnáisiúnachas agus le comhar idir stáit le go gcruthófaí Eoraip a bhí cobhsaí agus rathúil. Chabhraigh sé le haontas Benelux a bhunú idir an Bheilg, an Ísiltír agus Lucsamburg, rud a chuaigh go mór chun leasa agus na hinstitiúidí Eorpacha á bhforbairt. Measadh ina dhiaidh sin go raibh an próiseas inar cruthaíodh an t-aontas idir na trí stát bheaga sin ina fhréamhshamhail don Aontas Eorpach féin.*

## Cúlra agus saol polaitiúil

Rugadh Joseph Bech ar an 17 Feabhra 1887 in Diekirch, Lucsamburg. Rinne sé staidéar ar an dlí in Fribourg na hEilvéise agus i bPáras na Fraince. Tar éis dó céim a bhaint i 1914, bhunaigh sé cliantacht dlíodóra agus, an bhliain chéanna, toghadh é mar Theachta i dTeach na dTeachtaí i Lucsamburg don Pháirtí Críostaí nua nach raibh i bhfad ar an bhfód.

I 1921, ainmníodh é ina Aire Gnóthaí Intíre agus Oideachais. I 1926, ainmníodh é ina Phríomh-Aire agus ina Aire Gnóthaí Eachtracha agus Talmhaíochta. Ba le linn a thréimhse mar Phríomh-Aire idir 1926 agus 1936 a raibh géarchéim airgeadais ann ar leibhéal domhanda. Thuig Bech an tábhacht a bhain le honnmhairí i ngeilleagar tíre. Ba í an Ghearmáin príomhpháirtí trádála Lucsamburg agus bhraith Lucsamburg go mór ar a chomharsan béal dorais. Rinne Bech iarracht, dá bhrí sin, spleáchas eacnamaíoch Lucsamburg ar an nGearmáin a laghdú a mhéid arbh fhéidir. Ba le linn na hiarrachta sin chun margaí nua a fháil do thionscal cruach Lucsamburg a ndearna sé plé den chéad uair riamh ar chomhar eacnamaíoch níos dlúithe agus ar aontas custaim leis an mBeilg, agus leis an Ísiltír ina dhiaidh sin. Ba iarrachtaí bunúsacha a bhí sna hiarrachtaí sin a chuidigh le haontas Benelux a chruthú le linn an Dara Cogadh Domhanda.

## An Dara Cogadh Domhanda

Nuair a rinne Gearmáin na Naitsithe ionradh ar Lucsamburg ar an 10 Bealtaine 1940, bhí ar Bech dul ar deoraíocht le roinnt airí eile agus leis an gCeann Stáit, Ard-Bhandiúc Charlotte, agus bhunaigh siad rialtas ar deoraíocht i Londain. Ba ina cháil mar Aire Gnóthaí Eachtracha a shínigh sé Conradh Benelux i 1944. Bheadh an taithí a fuair sé le linn dóibh aontas eacnamaíoch a

chruthú ina gcuirfí saorghluaiseacht oibrithe, caipiteal, seirbhísí agus earraí sa réigiún chun cinn, ina bhuntáiste níos déanaí agus Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa á bhunú.

Bhí tionchar mór ar feadh a ghairme ag na cuimhní a d'fhan leis ón gCéad Chogadh Domhanda agus ag an ngéarchéim ina dhiaidh sin nuair a bhí baol ann go bhfaigheadh stáit chomharsanacha Lucsamburg ceannas ar an tír. I ngeall gur mhothaigh sé an easpa cumhachta sin, thug sé tacaíocht láidir i gcónaí don idirnáisiúnachas.

Bhí sé ina ionadaí ar Lucsamburg, dá bhrí sin, sna hidirbheartaíochtaí iltaobhacha uile agus tar éis an Dara Cogadh Domhanda, agus spreag sé a chomhthírigh glacadh le haontachas na hArd-Diúcachta leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta a cruthaíodh: Benelux i 1944, na Náisiúin Aontaithe i 1946 agus ECAT i 1949.

## An Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach

An 9 Bealtaine 1950, bhí Bech ina Aire Gnóthaí Eachtracha i Lucsamburg. Bhí a fhios aige go raibh gá ag Lucsamburg na tíortha comharsanacha a thabhairt le chéile i gcomhaontuithe eacnamaíocha agus polaitiúla, agus chuir sé fíorchaoin fáilte roimh an moladh a rinne a chomhghleacaí Francach, Robert Schuman, an lá sin Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach a bhunú. Thuig sé go gcuirfeadh a leithéid de chomhphobal deiseanna riachtanacha ar fáil do Lucsambug agus go dtabharfaí stádas agus guth san Eoraip don tír. D'éirigh le Bech stádas breise a bhaint amach do Lucsamburg nuair a chuir sé ina luí ar a chomhghleacaithe gur cheart ceanncheathrú Ard-Údaras an Chomhphobail do Ghual agus Cruach a lonnú i Lucsamburg.

Ina dhiaidh sin, thug Bech tacaíocht láidir do na pleananna maidir le Comhphobal Eorpach um Chosaint a bhunú. Dhiúltaigh an Fhrainc do na pleananna sin i 1954, ach níorbh in deireadh leis an bhfís maidir leis an Eoraip a lánpháirtiú.

## Comhdháil Messina

Idir an 1 agus 3 Meitheamh 1955, bhí Joseph Bech ina chathaoirleach ar Chomhdháil Messina, comhdháil as a d'eascair Conradh na Róimhe lenar bunaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa. Díríodh sa Chomhdháil sin ar mheamram a fuarthas ó thíortha Benelux, agus bhí Joseph Bech ina ionadaí thar ceann Lucsamburg don mheamram sin. Is meascán a bhí sa mheamram idir phleananna na Fraince agus na hÍsiltíre inar thairg siad gníomhaíochtaí nua a dhéanamh sna réimsí iompair agus fuinnimh, go háirithe fuinneamh núicléach, agus Cómhargadh ginearálta, agus díríodh ar an ngá le comhúdarás ag a mbeadh cumhachtaí dáiríre. I bhfianaise na taithí a fuair tíortha Benelux agus an Comhphobal do Ghual agus Cruach, bheartaigh an triúr Airí Gnóthaí Eachtracha ar phlean lena ndéanfaí forbairt bhreise ar an smaoineamh a bhí ag Aire Beyen na hÍsiltíre, inar moladh comhar eacnamaíoch mar bhealach le haontú na hEorpa a bhaint amach. Tugadh 'Tuarascáil Spaak' air seo mar aitheantas ar Aire Spaak na Beilge, Cathaoirleach an Choiste a dhréachtaigh é, agus bhí an tuarascáil sin ina bhunús leis an gComhdháil Idir-rialtasach inar dréachtaíodh na tuarascálacha ar chómhargadh agus ar chomhar i bhfuinneamh adamhach, agus a síníodh sa Róimh an 25 Márta 1957.




*Bech ag spraoi le ceamara físe agus ag ligean a scíth ag Comhdháil Messina i 1955.*

Agus cúram an Aire Gnóthaí Eachtracha air ó 1929 i leith, d'éirigh Bech as an bpost sin i 1959. Idir 1959 agus 1964, bhí sé ina Chathaoirleach ar Theach na dTeachtaí agus d'éirigh sé as an bpolaitíocht in aois 77. D'éag sé 11 bliain ina dhiaidh sin, i 1975. I ngeall ar an ról a bhí aige in aontú na hEorpa, glacaimid leis anois mar cheann de phríomhbhunaitheoirí an Aontais Eorpaigh. Thug sé le fios go bhféadfadh tír bheag ar nós Lucsamburg ról ríthábhachtach a imirt ar leibhéal domhanda.